CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 81/26
Lucsamburg, 4 Meitheamh 2026

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-553/24 | Assemblée nationale v an Pharlaimint agus an Chomhairle

# Abhcóide Ginearálta Ćapeta: Ba cheart diúltú do chaingean arna tionscnamh ag Tionól Náisiúnta na Fraince i gcoinne reachtaíocht tearmainn agus imirce an Aontais bunaithe ar neamhchomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta

Tá prótacail atá ceangailteach ó thaobh dlí i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena soiléirítear a thuilleadh an chaoi a n-oibríonn na conarthaí sin. Féachann Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm [1] go ndéanfaidh institiúidí an Aontais na prionsabail seo mar atá siad leagtha síos in Airteagal 5 CAE a urramú. Ceanglaítear le prionsabal na coimhdeachta nach ngníomhóidh an tAontas ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí a ghnóthú go leordhóthanach leo féin. Tugann Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 dlínse do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais a líomhnaítear a sháraíonn prionsabal na coimhdeachta, agus i gcás inarb iomchuí, í a chur ar neamhní. Féadfaidh na Ballstáit cásanna den sórt sin a thionscnamh, nó iad a chur in iúl i gcomhréir lena ndlíchóras thar ceann a bparlaimint náisiúnta nó thar ceann seomra den pharlaimint sin. Is é an cás seo an chéad uair, ó tugadh isteach é le Conradh Liospóin, gur bhain parlaimint náisiúnta úsáid as Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2.

Ar bhonn Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2, iarrann mionlach de chomhaltaí Thionól Náisiúnta Phoblacht na Fraince, ceann de sheomraí Pharlaimint na Fraince, [2] go ndéanfaí Rialachán an Aontais maidir le bainistiú tearmainn agus imirce [3] a chur ar neamhní ina iomláine, nó mar mhalairt air sin, an chuid a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht a chur ar neamhní. [4]

Leis an Rialachán seo, tugtar isteach sásra dlúthpháirtíochta éigeantach chun tacú leis na Ballstáit atá faoi bhrú imirceach. Déanann sé é seo trí chóras athshocraithe a bhunú do dhaoine a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Rinne an Tionól Náisiúnta agóid i gcoinne an chórais sin ar an mbonn go ndéanann sé dochar do cheannasacht, d'fhéiniúlacht náisiúnta agus do shláine na mBallstát, a bhfuil sé d'oibleagáid orthu náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir na mbeart athshocraithe sin a ghlacadh isteach ina gcríoch. Dá bhrí sin, áitíonn an Tionól Náisiúnta, le tacaíocht ón Ungáir, go sáraíonn an Rialachán seo prionsabal na coimhdeachta. Cuireann sé cúig éileamh ar aghaidh mar thaca leis an seasamh sin. Déanann an Pharlaimint agus an Chomhairle, le tacaíocht ón nGréig, ón Spáinn agus ón gCoimisiún, agóid i gcoinne inghlacthacht fhormhór na n-éileamh seo. Áitíonn siad nach féidir baint a bheith ag éilimh a thacaíonn le caingean arna tionscnamh faoi Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 ach le prionsabal na coimhdeachta, rud nach amhlaidh atá i gcás cuid d'éilimh an Tionóil Náisiúnta.

Leis an Tuairim a tugadh inniu, **aithníonn an tAbhcóide Ginearálta Ćapeta chineál úrnua an cháis seo** agus, ar an gcéad dul síos, déanann sí measúnú ar dhlínse na Cúirte Breithiúnais é a éisteacht. Cuireann an tAbhcóide Ginearálta in iúl, cé go bhfuil an cuspóir céanna ag caingean arna tionscnamh faoi Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 agus ag caingean thipiciúil le haghaidh neamhniú faoi Airteagal 263 CFAE – gníomh de chuid an Aontais a neamhniú – go bhféadfar caingean arna tionscnamh faoi Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 a mheas mar chineál speisialta (sui generis) caingne neamhnithe, nár sannadh dlínse go sainráite don Chúirt Ghinearálta ina leith. Dá bhrí sin, measann an tAbhcóide Ginearálta **go bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar chaingean arna tionscnamh ag parlaimint náisiúnta** ar bhonn Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2.

Ar an dara dul síos, **ag féachaint do inghlacthacht** an cháis, **tugann an tAbhcóide Ginearálta cuireadh don Chúirt idirdhealú a dhéanamh idir prionsabal na coimhdeachta agus prionsabail eile a bhaineann le roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit**, eadhon prionsabail na tabhartha agus na comhréireachta. Cé gur prionsabail chónaidhme iad na trí cinn a bhfuil sé d'aidhm acu an leibhéal cinnteoireachta is fearr is féidir a aimsiú, dar léi, níl éilimh arna tionscnamh ag parlaimint náisiúnta ar bhonn Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 inghlactha ach amháin a mhéid a bhaineann siad le prionsabal na coimhdeachta; tá éilimh a bhaineann leis an dá phrionsabal eile sin do-ghlactha. Mar thoradh air sin, measann an tAbhcóide Ginearálta nach bhfuil ach an t-éileamh lena líomhnaítear go mbeadh na Ballstáit in ann na fadhbanna a eascraíonn as mórphlódú isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí ná an tAontas Eorpach inghlactha. Os a choinne sin, ní bhaineann na héilimh eile a chuir an Tionól Náisiúnta ar aghaidh – amhail iad siúd a bhaineann leis an bhfíoras nár tugadh inniúlacht don Aontas an Rialachán a ghlacadh, iarmhairtí díobhálacha airgeadais líomhnaithe an tsásra dlúthpháirtíochta éigeantaigh, agus úsáideacht an chórais athshocraithe – le prionsabal na coimhdeachta agus, dá bhrí sin, tá siad do-ghlactha.

Ar an tríú dul síos, **agus scrúdú á dhéanamh ar an éileamh inghlactha seo, cuireann an tAbhcóide Ginearálta** i bhfios go láidir **nár cheart comhchuibhiú a bheith mar sprioc ag aon chorpas reachtaíochta**, ach gur cheart é a bheith ina uirlis a d'fhéadfadh a bheith ann chun sprioc chuí agus ar leith a bhaint amach. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Chúirt **a iarraidh ar institiúidí míniú cuí a thabhairt ar an measúnú a rinne siad ar an bhfáth a bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais**, seachas díreach mian comhchuibhiú a dhéanamh. Níor cheart go mbeadh an míniú sin foirmleach, ach bunaithe ar shainiúlachtaí gach gníomhaíochta reachtaí. Éileodh bonn cirt 'saincheaptha' den sórt sin ar institiúidí measúnú fóinteach a dhéanamh ar cheart don Aontas Eorpach gníomhú i staid nithiúil. Thairis sin, cheadódh sé don Chúirt cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá réasúnta le gníomhaíocht den sórt sin ón Aontas.

**Tagann an tAbhcóide Ginearálta Ćapeta ar an gconclúid gur cosúil go bhfuil na cúiseanna dá bhforáiltear le gníomhú ar leibhéal an Aontais sa chás seo fónta** agus nár chuir an Tionól Náisiúnta aon argóint ar aghaidh chun cinneadh den sórt sin a chur ó bhail. Dá bhrí sin, molann an t**Abhcóide Ginearálta don Chúirt diúltú d'éileamh aonair an Tionóil Náisiúnta maidir le prionsabal na coimhdeachta toisc é a bheith gan bhunús**, agus diúltú don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha go páirteach agus gan bhunús go páirteach.

**NÓTA:** Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta, ar bhealach go hiomlán neamhspleách, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Prótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

[2] Is é Tionól Náisiúnta Phoblacht na Fraince teach íochtarach Pharlaimint na Fraince, agus tá 577 teachta ann, agus is é an Seanad an teach uachtarach, le 328

seanadóir.

[3] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce. Tá an Rialachán seo mar chuid de Chomhshocrú nua an Aontais maidir le hImirce agus Tearmann, pacáiste bhearta an Aontais lena n-athchóirítear creat dlíthiúil an Aontais maidir le tearmann agus imirce.

[4] Cuid IV den Rialachán.